Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

15010/26

EDUC 424
SOC 689
GENDER 159
JEUN 236
DIGIT 278
EMPL 403

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 19 Samhain 2026.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

MEABHRAÍTEAR DI na téacsanna a glacadh san Aontas maidir le hoideachas, oiliúint, ETIM agus an eolaíocht i gcúrsaí beartais.

CUIREANN SÍ I bhFÁTH, chun críocha na gconclúidí seo, gurb é a thuigtear le 'oideachas agus oiliúint ETIM' deiseanna foghlama agus taithí san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, cuir chuige idirdhisciplíneacha san áireamh.

LEAGANN SÍ BÉIM AR an méid seo a leanas:

1. is é is aidhm don Limistéar Eorpach Oideachais tacú le córais oideachais agus oiliúna náisiúnta agus réigiúnacha níos athléimní agus níos cuimsithí a fhorbairt, rud a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a chothú chun páirt a ghlacadh sa tsochaí; is é uaillmhian fhoriomlán an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint comhlánú an limistéir sin;

2. sa Rún ón gComhairle maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030), leagtar amach an bealach chun cinn don chomhar sin do na 5 bliana amach romhainn lena sainaithneofar 'litearthacht, matamaitic agus eolaíocht do chách' mar chéad tosaíocht straitéiseach agus lena leagfar síos spriocanna ar leibhéal an Aontais mar bhonn chun oideachas agus oiliúint ETIM a neartú;

3. luaitear an méid seo a leanas i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta: Tá 'an ceart ag cách ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionchuimsitheach agus ar ardchaighdeán chun na scileanna atá acu a choinneáil agus chun scileanna nua a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus athruithe ó phost go post sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil';

4. sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a chothú chun go n-éireoidh le daoine san fhoghlaim, san obair agus sa saol, agus ar mhaithe le hiomaíochas, nuálaíocht, comhtháthú sóisialta agus rathúnas agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais;

5. leagtar béim sa phlé straitéiseach a rinneadh le déanaí maidir leis an iomaíochas, lena n-áirítear tuarascálacha Letta[1] agus Draghi[2], ar a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an oiliúint, an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí don aistriú glas agus don aistriú digiteach, don taighde agus don nuálaíocht agus don athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach;

6. tríd an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a chothú ar fud raon leathan earnálacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ganntanas scileanna rompu, d'fhéadfadh oideachas agus oiliúint ETIM aghaidh a thabhairt ar chuspóirí agus dúshláin chomhroinnte na mBallstát.

AITHNÍONN SÍ an méid a leanas:

7. Is cuid thábhachtach de shaol laethúil na saoránach é ETIM agus a bhuí leis na nuálaíochtaí agus an taighde a eascraíonn as réimsí ETIM múnlaítear an rannpháirtíocht a bhíonn ag daoine leis an domhan, cuirtear bonn taca faoin bhforbairt eacnamaíoch, agus bunaítear fiontair chruthaitheacha agus gairmeacha tairbheacha;

8. cuireann oideachas agus oiliúint ETIM ardcháilíochta le forbairt phearsanta, cumhachtú, sásamh agus gníomhú trí theoiric agus cur i bhfeidhm san fhíorshaol a chomhtháthú; cothaíonn sé fiosracht, fiosrúchán, réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna idirdhisciplíneacha eile, agus spreagann sé rannpháirtíocht le forbairtí sochaíocha, teicneolaíocha, eolaíocha agus comhshaoil;

---

1 Margadh Thar an gCoitiantacht (Letta, 2024).

2 Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Meán Fómhair 2024.

9. tá sé tábhachtach go mbeidh ann do chur chuige na foghlama ar feadh an tsaoil i leith ETIM ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna ón luath-óige ar aghaidh chun tacú leis an rannpháirtíocht leanúnach lenar féidir le foghlaimeoirí oiriúnú do dhúshláin agus riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn;

10. tá bearta dearfacha déanta ag cuid mhaith Ballstát cheana féin chun oideachas agus oiliúint ETIM a neartú faoi chuimsiú na gcomhthéacsanna náisiúnta agus réigiúnacha;

11. le cur chuige ETIEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíona agus matamaitic) féadfar tacú leis an bhfoghlaim chuimsitheach trí na healaíona a chomhtháthú, rannpháirtíocht le ETIM a neartú agus spéis in ETIM a leathnú, agus smaointeoireacht deartha, cumarsáid, réiteach fadhbanna, taiscéalaíocht agus cruthaitheacht á spreagadh ag an am céanna;

12. leis an gcomhar trasnáisiúnta, trí thionscnaimh shuaitheanta, mar shampla, comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, na hIonaid Barr Feabhais Gairme, agus Acadaimh Múinteoirí Erasmus+, tacaítear leis an nuálaíocht agus le malartú dea-chleachtais, ina gcuimsítear oideachas agus oiliúint ETIM san Aontas;

13. de dheasca ganntanas múinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí cáilithe, chomh maith le rochtain neamhleor ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, féadfaidh soláthar oideachais agus oiliúna ardcháilíochta ETIM a bheith teoranta;

14. léirítear san fhianaise idirnáisiúnta, mar atá fianaise ó ECFE, go bhfuil deis ann feabhas a chur ar thorthaí foghlama in ETIM ar fud an Aontais;3

15. ní mór iarracht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní réigiúnacha agus geografacha, lena n-áirítear bacainní a dhéanann difear do cheantair thuaithe agus iargúlta, ar bacainní iad ar rochtain a fháil ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta ETIM;

16. ní mór iarracht a dhéanamh chun rannpháirtíocht a leathnú agus aghaidh a thabhairt ar rátaí luathfhágála in oideachas agus oiliúint ETIM i measc foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu agus i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe cailíní, mná agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

3 ECFE. 2026. Torthaí PISA 2025; ECFE. 2025. Torthaí PIAAC 2023.

CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Plean Straitéiseach an Choimisiúin um Oideachas ETIM mar rannchuidiú leis an bplé leanúnach ar leibhéal an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint ETIM a neartú.

AONTAÍONN SÍ LEIS an méid seo a leanas:

17. bunchloch na foghlama ETIM is ea oideachas agus cúram na luath-óige ina leagtar béim ar eispéiris foghlama spraíúla thaiscéalaíocha atá oiriúnach ó thaobh aoise de;

18. cuireann an t-oideachas scoile le heolas, scileanna agus inniúlachtaí bunúsacha ETIM trí dheiseanna leanúnacha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí in ETIM;

19. sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san ardoideachas araon, cuirtear le foghlaim ETIM trí eolas teoiriciúil a nascadh le cur i bhfeidhm praiticiúil agus trí thacú le forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá ábhartha do raon leathan earnálacha, iad siúd is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach san áireamh;

20. tá gá le raon conairí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san ardoideachas chun ardeolas, ardscileanna agus ardinniúlachtaí ETIM a chothú, lena n-áirítear trí staidéar speisialaithe agus teagasc atá bunaithe ar thaighde;

21. san fhoghlaim aosach tacaítear leis an rannpháirtíocht in ETIM ar feadh an tsaoil, rud a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí a thabhairt cothrom le dáta agus a chothú ar feadh a saoil, trí chineálacha éagsúla cur chuige i leith uas-sciliú agus athsciliú, mar shampla micridhintiúir, mar fhreagairt ar athrú sochaíoch, teicneolaíoch, eacnamaíoch agus comhshaoil;

22. san fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, comhlánaítear an t-oideachas foirmiúil agus an oiliúint fhoirmiúil trí dheiseanna luachmhara, inrochtana agus solúbtha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí de gach aois chun scileanna agus inniúlachtaí a chothú, mar aon le spéis agus muinín in ETIM a chothú;

23. féadfar dearcadh dearfach i leith ETIM a mhúnlú ó aois óg agus féadfaidh sé sin tionchar a imirt ar roghanna foghlama, rannpháirtíocht agus dul chun cinn in oideachas agus oiliúint ETIM;

24. trí leibhéal leordhóthanach litearthachta, matamaitice agus eolaíochta a chur ar fáil do chách leagtar síos an bhunchloch don fhoghlaim ar fad ina dhiaidh sin; cuireann an bunús sin ar chumas foghlaimeoirí inniúlachtaí níos leithne agus níos speisialaithe araon a fhorbairt, in ETIM, mar shampla;

25. Cuireann foghlaim ETIM leis na scileanna agus na hinniúlachtaí digiteacha atá ag daoine cheana agus a bhuí léi féadfaidh siad tuilleadh scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear na cinn a theastaíonn chun an intleacht shaorga a thuiscint, a úsáid agus chun meon criticiúil, eiticiúil agus freagrach a bheith ag daoine ina leith;

26. imríonn gach leibhéal agus gach cineál oideachais agus oiliúna ról maidir le cáilíocht, cothromas agus cuimsiú a chur chun cinn agus rathúlacht do chách, lena n-áirítear trí bhacainní ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ETIM a laghdú;

27. níor cheart aon fhoghlaimeoir a fhágáil ar lár agus ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar fhoghlaim ETIM, lena n-áirítear cailíní agus mná, buachaillí agus fir, daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu, agus iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta;

28. le hoideachas agus oiliúint ETIM, féadfar rochtain a thabhairt ar dheiseanna gairme sásúla agus cuirtear leis an bpíblíne tallann d'earnálacha ETIM.

AITHNÍONN SÍ an méid seo a leanas:

29. tá ganntanas scileanna agus mímheaitseáil scileanna i réimsí a bhaineann le ETIM á dtuairisciú ar fud an Aontais;

30. leis na hearnálacha agus gairmeacha nua agus leis na hearnálacha agus na gairmeacha atá ag teacht chun cinn, iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach san áireamh, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar eolas, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le ETIM;

31. agus rannpháirtíocht níos mó ann in oideachas agus oiliúint ETIM ag gach céim den saol, rannchuidítear le forbairt níos cuimsithí ar eolas, scileanna agus inniúlachtaí;

32. de dheasca tosca lena n-áirítear steiréitíopaí inscne leanúnacha agus an chlaontacht chomhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, laghdaítear infheictheacht na n-eiseamláirí ban i réimsí ETIM, agus de dheasca míthuiscintí faoi chonairí gairme ETIM cuirtear leis an mbearna inscne sa rannpháirtíocht; ní mór níos mó a dhéanamh chun comhdheiseanna a chur ar fáil do chailíní agus do mhná chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ETIM ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna;

33. féadfaidh míbhuntáiste socheacnamaíoch tionchar mór a imirt ar rochtain ar oideachas agus oiliúint ETIM, ar an rannpháirtíocht agus ar na torthaí sa réimse sin;

34. tá gá le gníomhaíocht leanúnach ilghnéitheach chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sainaitheanta sin.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas:

35. le conairí foghlama soiléire, cuimsitheacha agus solúbtha lena dtacaítear le dul chun cinn agus leanúnachas i bhfoghlaim ETIM, cumasaítear foghlaimeoirí agus tugtar spreagadh dóibh chun bogadh idir leibhéil agus cineálacha éagsúla oideachais agus oiliúna;

36. cuidíonn rochtain ar threoir ardcháilíochta ar feadh an tsaoil le foghlaimeoirí deiseanna gairme agus dul chun cinn in ETIM a thuiscint, roghanna eolasacha oideachais agus oiliúna a dhéanamh, agus féadfaidh an rochtain sin deireadh a chur le steiréitíopaí inscne, an chlaontacht chomhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach agus míthuiscintí, agus féadfaidh sí rannpháirtíocht níos cuimsithí in ETIM a chur chun cinn;

37. féadfaidh cláir foghlama nuálacha sholúbtha, micridhintiúir san áireamh, tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach i bhfoghlaim ETIM;

38. tá oideachas tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus ceannairí ríthábhachtach chun tacú le hoideachas agus oiliúint ardcháilíochta ETIM, cuir chuige idirdhisciplíneacha ina measc, ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna;

39. féadfaidh an comhar idir soláthraithe oideachais agus oiliúna, fostóirí, eagraíochtaí tionscail agus taighde tacú le tallann ETIM, agus éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, a chothú, agus feasacht ar chonairí ETIM agus ar dheiseanna gairme a neartú;

40. D'fhéadfadh cláir agus ionstraimí reatha an Aontais, mar atá Erasmus+, tacú le foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí, ceannairí agus institiúidí chun oideachas agus oiliúint ETIM a neartú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

41. rannpháirtíocht mhéadaithe i bhfoghlaim ETIM a chur chun cinn ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, trí spéis agus dearcthaí dearfacha agus spreagadh a chur chun cinn i measc na bhfoghlaimeoirí uile ó aois óg, mar shampla, mar aon le gníomhaíochtaí spriocdhírithe múscailte feasachta agus comhroinnte faisnéise agus cuir chuige idirdhisciplíneacha, ionas gur féidir le gach foghlaimeoir rochtain a fháil ar oideachas agus oiliúint ETIM agus go mbeidh rath orthu sa réimse sin;

42. machnamh a dhéanamh ar phlean nó cur chuige straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach a fhorbairt nó a neartú a thuilleadh le haghaidh oideachas agus oiliúint ETIM;

43. deiseanna foghlama inrochtana cuimsitheacha ardcháilíochta a bhaineann le ETIM a chur ar fáil ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna chun a chinntiú go mbeidh gach foghlaimeoir ullamh chun go n-éireoidh leis i ndomhan atá ag athrú;

44. na hiarrachtaí a neartú chun rannpháirtíocht na gcailíní agus na mban in oideachas agus oiliúint ETIM a mhéadú trí thacú le comhdheiseanna do gach duine ó aois óg, trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna lena n-áirítear an chlaontacht inscne, agus trí fheasacht a mhúscailt maidir le heiseamláirí ban i réimsí ETIM;

45. aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht in oideachas agus oiliúint ETIM, go háirithe i gcás daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu agus ina gcás siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta;

46. rochtain a neartú ar fhaisnéis ardcháilíochta agus ar threoraíocht ar feadh an tsaoil maidir le gairmeacha agus ceirdeanna ETIM chomh maith le deiseanna agus conairí oideachais agus oiliúna;

47. bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí, oiliúnóirí agus oideoirí ETIM cáilithe, lena n-áirítear trí straitéisí a fhorbairt chun daoine a mhealladh, a choinneáil agus chun tacú leo;

48. tacú le ETIM in oideachas tosaigh agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus ceannairí, lena n-áirítear cuir chuige oideolaíocha fianaise-shaibhrithe, idirdhisciplíneacha agus cuimsitheacha agus rochtain ar acmhainní agus tacaíochtaí iomchuí teagaisc agus foghlama a chur chun cinn.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, faoi chuimsiú a réimse inniúlachta agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

49. oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun tionscnaimh agus gníomhaíochtaí beartaithe a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach um Oideachas ETIM a mhúnlú agus a fhorbairt;

50. an bonn fianaise le haghaidh ETIM a fhorbairt a thuilleadh ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, trí shonraí atá ann cheana a úsáid agus ualach breise riaracháin a sheachaint, agus malartuithe dea-chleachtas agus piarfhoghlama i measc na mBallstát a éascú, lena n-áirítear sna meithleacha, mar chuid den chreat straitéiseach don Limistéar Eorpach Oideachais;

51. iarrachtaí a neartú ar leibhéal an Aontais chun foghlaim chuimsitheach chothrom in oideachas agus oiliúint ETIM a chur chun cinn agus a mhéadú, lena n-áirítear do mhná agus do chailíní, d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu, dóibh siúd faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta;

52. tacú leis na Ballstáit trí thaighde, comhroinnt dea-chleachtas agus malartú beartais maidir le hearcú, coinneáil agus forbairt ghairmiúil múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí agus ceannairí, iad siúd a mhúineann ábhair ETIM san áireamh;

53. an comhar a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais idir soláthraithe oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí taighde, údaráis phoiblí agus lucht tionscail chun naisc a neartú idir oideachas agus oiliúint ETIM agus earnálacha atá ag teacht chun cinn agus ag forbairt;

54. leanúint dá chuid oibre chun creat inniúlachta ETIM a fhorbairt mar thacaíocht dheonach do na Ballstáit agus cláir foghlama in oideachas agus in oiliúint ETIM á bhforbairt acu;

55. faisnéis scileanna ETIM a neartú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear tríd an bhFaireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna, chun tacú le tuar níos fearr faoi scileanna ETIM a bheidh de dhíth amach anseo;

56. comhar agus taighde an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint ETIM a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta, ECFE, UNESCO agus Comhairle na hEorpa san áireamh.